



GAISCE  
THE PRESIDENT'S  
AWARD

AN BHFUIL TÚ  
IDIR 15-25  
BLAIN D'AOIS?



Ar mhaith leat dúshlán a chur fút féin agus spraoi a bheith agat le cairde nua ag an am céanna?

Gaisce - Is é Gradam an Uachtaráin an gradam is cáiliúla do dhaoine óg in Éirinn. Iarrann Mícheál D. Ó hUiginn, Uachtarán na hÉireann, ort aidhm a roghnú agus a bhaint amach mar léiriú ar an gcumas atá ionat.

Is féidir leat do thuras Gaisce féin a leagan amach. Tusa a roghnaíonn na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh tú i ngach réimse den dúshlán:

**Scil a Fhoghlaim. Cabhrú le do Phobal. Bheith Gníomhach. Dul ar thóir Eachtra!**

Is struchtúr é Gaisce trínar féidir leat d'fhorás pearsanta a thomhas agus bheith bródúil as. Ní hé an obair bhreise an rud is tábhachtaí ach an dea-thionchar a bhíonn ag Gaisce ar do shaol.

Ní comórtas é Gaisce. Is deis é chun rudaí a bhaint amach a thaispeánfaidh an cumas atá ionat. Tóg an chéad chéim ar do thuras Gaisce.




Oscail [www.gaisce.ie](http://www.gaisce.ie) chun tús a chur leis.

DO SHLI: DO GHRADAM



# GAISCE - AN MODH

Chun Gradam Gaisce a fháil, glacann tú páirtí i ngníomhaíochtaí ar feadh uair an chloig ar a laghad gach seachtain i ngach ceann de na trí réimse dúshláin: Scil Phearsanta, Cabhrú le do Phobal agus Caitheamh Aimsire Coirp. Caithfidh tú dul ar Turas Eachtraíochta, freisin. Chun an Gradam Óir a fháil, caithfidh daltaí Tionscadal Cónaithe a dhéanamh agus Punann a chur le chéile.

Gradaim Gaisce	Scil Phearsanta	Obair Phobail	Caitheamh Aimsire Coirp	+ MÓIDE	Turas Eachtraíochta	Tionscadal Cónaithe	Punann	GRADAM	
<b>Gradam Cré-umha</b> Rannpháirtithe 15+ Clárú €15	Uair an chloig sa tseachtain	Uair an chloig sa tseachtain	Uair an chloig sa tseachtain	Gníomhaíochtaí in aon Réimse Dúshláin ar feadh 13 seachtaine breise	2 lá, oíche amháin (Turas nó Taiscéaladh)	X	X	 GRADAM CRÉ-UMHA	
13 SEACHTAINE			+	13 SEACHTAINE	+	DHÁ LÁ, 2 OÍCHE		=	
<b>Gradam Airgid</b> Rannpháirtithe 16+ Clárú €20	Uair an chloig sa tseachtain	Uair an chloig sa tseachtain	Uair an chloig sa tseachtain	Rannpháirtithe nach bhfuil Bonn Cré-umha acu, caitheann siad 26 seachtaine breise ar aon Réimse Dúshláin	3 lá, 2 oíche (Turas nó Taiscéaladh)	X	X	 GRADAM AIRGID	
26 SEACHTAINE			+	26 SEACHTAINE	+	3 LÁ, 2 OÍCHE		=	
<b>Gradam Óir</b> Rannpháirtithe 17+ Clárú €25	Uair an chloig sa tseachtain	Uair an chloig sa tseachtain	Uair an chloig sa tseachtain	Rannpháirtithe nach bhfuil Bonn Airgid acu, caitheann siad 26 seachtaine breise ar aon Réimse Dúshláin	4 lá, 3 oíche (Turas nó Taiscéaladh)	4 oíche, 5 lá Tionscadal Cónaithe	Punann	 GRADAM OIR	
52 SEACHTAINE			+	26 SEACHTAINE	+	4 LÁ, 3 OÍCHE	+	4 OÍCHE, 5 LÁ	+
							PUNANN	=	



“Bhain mé an-taitneamh as Gaisce! An rud is fearr ná na cuimhní maithe atá agam air. Bhí go leor spóirt againn leis an ngrúpa ar an Turas Eachtraíochta agus ar an Tionscadal Cónaithe. Bímid ag caint go minic ar an spórt sin nuair a bhímid le chéile.”

- Dylan White,  
a fuair Gaisce Óir 2018

## TÚS A CHUR LEIS:

1. Aimsigh Treoraí Ghradam an Uachtaráin nó PAL: Cabhróidh an PAL leat ar do thuras Gaisce. Is féidir go bhfuil PAL le fáil i do scoil féin, i do choláiste, i do ghrúpa óige nó in eagraíocht pobail i do cheantar féin. Caithfidh tú PAL a aimsiú sula gláraíonn tú do Ghaisce. Má tá sé deacair ort PAL a fháil, seol ríomhphost chuig foireann Gaisce.
2. Roghnaigh do gníomhaíochtaí féin agus pléigh iad le do PAL le bheith cinnte go bhfuil siad oiriúnach agus go bhfuil siad sách dúshlánach don ghradam seo. Is féidir leat gníomhaíochtaí a dhéanann tú cheana féin a roghnú, nó rud éigin nua a thosú.
3. Cláraigh ar líne ag [www.gaisce.ie](http://www.gaisce.ie) agus cuir tús le d'Aistear Gaisce!